ÚSÁID INMHEÁNACH: HAMZA BANA

**Cé mise? An bhfuil mise?**

Is mise Hamza Bana agus tá mé ag seasamh le bheith mar d'Oifigeach Leasa agus Comhionannais don bhliain seo chugainn. I dtosach, is mac léinn Ríomheolaíochta agus Staidéir Gnó mé a chuaigh isteach i gColáiste na Tríonóide le Scéim an Bealach Rochtana ar Ardoideachas (HEAR) (focal buíochais le Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide!!) Caithim mo chuid ama shaoir ag seinm an giotár, ag tréantógáil meáchan agus clabaireacht faoi rud ar bith! Le bliain anuas, táim i m'Oifigeach Mionlaigh Eitnigh in Aontas na Mac Léinn, ag foghlaim na mionsonraí faoin gcoláiste agus faoin aontas, agus, an rud is tábhachtaí, ag bunú an Grúpa Tacaíochta do Mhionlaigh Eitneacha, agus an t-am ar fad agus mé i m'oifigeach, bhí mé ag déanamh ionadaíocht ar son mic léinn a bhaineann le grúpaí mionlaigh.

Má vótálann tú ar mo shon, úsáidfidh mé an t-eolas atá agam le hathrú dearfach a chothú inár gcampas álainn, le hionadaíocht a dhéanamh ar son ár mic léinn go léir, le feachtasaíocht ar ár son agus, an rud is tábhachtaí, le bheith ann in am do ghátar.

**Taithí**

*Oifigeach Mionlaigh Eitnigh 23/24:*

- Mar Oifigeach Mionlaigh Eitnigh, phléigh mé le cásobair a bhaill le hidirdhealú ar bhonn cine
- Chomhoibrigh mé in éineacht le Seirbhís Comhairleoireachta na Mac Léinn agus le Trinity INC leis an nGrúpa Tacaíochta do Mhionlaigh Eitneacha a thabhairt isteach, rud a thosóidh ar an 4ú Márta
- Bhí mé i mo bhall ar an nGrúpa Comhairleach Gorm agus Eitneach Mionlaigh, cruinniú atá oscailte d'aon mac léinn atá ag iarraidh ceisteanna ina gceapann siad go bhfuil claonta ar bhonn cine a chur in iúl.

*Student2Student 22/23:*

- Chabhraigh mé le mic léinn sa chéad bhliain dul i dtaithí ar an saol san ardoideachas mar mheantóir, ag eagrú cruinnithe go rialta agus ag seiceáil isteach gach seachtain.

*Rudaí breise:*

- Traenáil chéad fhreagróra i gcomhair foréigean gnéasach curtha i gcrích

**Mo Phleananna**

*Díchoilínigh an Campas!!*

- Coinneoidh mé liom ag obair le chéile le Seirbhís Comhairleoireachta na Mac Léinn leis an nGrúpa Tacaíochta do Mhionlaigh Eitneacha a bhunú mar ghnáthsheirbhís.
- Cuirfidh mé brú ar léachtóirí dathanna craicne níos dorcha a chur san áireamh agus iad ag taispeáint fadhbanna craicne sna heolaíochtaí sláinte.
- Cuir brú ar an gcoláiste go mbeidh Traenáil Ilchineálachta agus Tuisceana éigeantach don fhoireann teagaisc, i bpáirt le Trinity INC

*Tá Coláiste na Tríonóide do chách!*

- Iarracht a dhéanamh go dtiocfaidh an Chomhairle le chéile i bhfoirgnimh agus i léachtlanna níos fearr ó thaobh rochtana
- Oiliúint íogaireachta i leith mic léinn le míchumais níos fearr (le Trinity INC arís)
- Feiceálacht an Traenáil do Chéad Fhreagróirí i gcomhair Foréigean Gnéasach a ardú
- Cuir Mic Léinn as Clár Rochtana na Tríonóide ar níos mó coistí ar an gcampas
- Cuir brú ar an gcoláiste taifeadtaí léachta a chur lenár dTimpeallacht Fhíorúil Foghlama

*Dínit agus Folláine*

- Cuir brú ar an Choláiste táirgí míostraithe saor in aisce ar fud na campais a mhaoiniú
- Feachtasaíocht a dhéanamh ar son tacaíocht sláinte mheabhrach agus corpartha ar an gcampas
- Feachtasaíocht a dhéanamh ar son níos mó leithris ilinscne
- Obair leis an Oifigeach Mionlaigh Eitnigh agus le hOifigeach na Mac Léinn Idirnáisiúnta leis an gCiste Idirnáisiúnta a leanúint ar aghaidh
- Lean ar aghaidh leis an gceardlann ghnéasoideachais le Q-Soc